



Tá iarratais á lorg ó iarrthóirí oiriúnacha don phost seo a leanas:

**Cúntóir Taighde**  
**Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge**  
**Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta**  
**Conradh ar Théarma Seasta suas le 15 mhí (go deireadh 2024)**

**Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath**

Ollscoil óg, uaillmhianach, bhríomhar is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ([www.DCU.ie](http://www.DCU.ie)) a bhfuil de mhisean aici ‘an saol agus an tsochaí a chlaochlú tríd an oideachas, taighde, nuálaíocht agus rannpháirtíocht’. Is fearr eolas uirthi in Éirinn mar ‘Ollscoil na Fiontraíochta agus an Chlaochlaithe’, agus tá sí tiomanta do chothú na tallainne, mar aon le haimsiú agus aistriú an eolais chun leas na sochaí agus an gheilleagair a chur chun cinn.

Tá os cionn 20,000 mac léinn ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcúig dhámh atá scaipte ar thrí champas acadúla i gceantar Ghlas Naíon-Droim Conrach i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath. A bhuí lena cur chuige nuálach i leith an teagaisc agus na foghlama, cuireann an Ollscoil ‘eispéireas trasfhoirmeach mac léinn’ ar fáil a chuidíonn le céimithe a bhfuil an-tóir orthu a fhorbairt. Faoi láthair tá Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar an Ollscoil is fearr in Éirinn don ‘Ráta Fostaíochta Iarchéime’, agus d’ioncam céimithe (An Phríomh-Oifig Staidrimh).

Is Ollscoil diantaghde í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá roinnt Lárionad Taighde maoinithe ag SFI inti. Glacann an Ollscoil páirt i raon comhpháirtíochtaí taighde Eorpacha agus idirnáisiúnta. Is í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an phríomh-ollscoil Éireannach i réimse an aistrithe teicneolaíochta mar a léirítear le ceadúnú maoine intleachtúla. Mar institiúid ‘Tús Áite do Dhaoine’, tá DCU tiomanta don Chomhionannas, don Éagsúlacht agus don Chuimsiú – Ollscoil a chabhraíonn le baill foirne agus le mic léinn rath a bheith orthu. Is ceannaire í an Ollscoil i dtéarmaí a cuid oibre chun rochtain ar oideachas a mhéadú, agus tá sí le háireamh i measc na hOllscoileanna is fearr ar domhan maidir le neamhionannais a laghdú i Ranguithe Tionchair an Times Higher Education.

**Forléargas: Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge**

Is grúpa taighde é Gaois a bhfuil léachtóirí, taighdeoirí agus mic léinn iarchéime páirteach ann. Tá sé de mhisean ag Gaois acmhainní iontaofa nuálaíochta a fhorbairt chun teanga agus saíocht na Gaeilge a chothú agus a chlaochlú. Tá eolas faoi na tionscadail éagsúla atá faoi chúram Gaois le fáil ag [www.gaois.ie](http://www.gaois.ie).

**Cúlra agus Próifíl an Róil**

Is deis iontach é seo a bheith páirteach i sraith tionscadal taighde a bhfuil sé de sprioc acu acmhainní digiteacha den chéad scoth a fhorbairt do lucht labhartha na Gaeilge. Beidh an té a cheapfar ina bhall de mheitheal idirdhisciplíneach a phléann le gnéithe den téarmeolaíocht, den teangeolaíocht chorpais, den logainmníocht, den bheathaisnéisíocht agus den bhéaloideas, i measc réimsí eile. Oibreoidh an cúntóir taighde go dlúth le baill foirne Gaois agus lena chuid páirtnéirí taighde chun

spriocanna na dtionscadal atá á reáchtáil acu a bhaint amach. Beidh an cúntóir taighe freagrach do Phríomh-Imscrúdaitheoirí na dtionscadal éagsúil agus do Cheann Scoile Fiontar & Scoil na Gaeilge. Beidh deiseanna taighde PhD ann don té a mbeadh an cumas agus an spéis aige/aici chuige sin.

### **Dualgais agus Freagrachtaí**

Féach an sonrúchán poist chun teacht ar liosta dualgas agus freagrachtaí a ghabhann leis an ról seo.

### **Riachtanais an Iarrthóra**

#### **Riachtanach:**

- Bunchéim onóracha sa Ghaeilge nó i réimse gaolmhar cuí
- Cáilíocht iarchéime agus/nó taithí chúil i réimse na Gaeilge nó i réimse gaolmhar cuí
- Ardchaighdeán cruinnis sa Ghaeilge labhartha agus scríofa\*

\*D'fhéadfadh scrúdú Gaeilge a bheith mar chuid den phróiseas iarratais.

#### **Inmhianaithe:**

- Taithí ghairmiúil ar a bheith ag obair trí Ghaeilge i ról eagarthóireachta, aistriúcháin nó taighde
- Tuiscint ar chúrsaí téarmaeolaíochta, béaloidis, ainmneolaíochta, nó corpais
- Tuiscint ar ghramadach na Nua-Ghaeilge
- Taithí riaracháin
- Bunscoilleana ríomhaireachta
- Bheith ábalta feidhmiú go héifeachtach mar chuid de fhoireann
- Bheith dea-eagraithe, tionscantach agus in ann spriocanna a chomhlíonadh
- Ardscileanna cumarsáide agus idirphearsanta
- Bheith inniúil ar thaighde a chur i gcrích

### **Oiliúint Éigeantach**

Ní mór don sealbhóir poist an oiliúint chomhlíonta éigeantach seo a leanas a chur i gcrích: Ionduchtú, Sláinte agus Sábháilteacht, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus gach cuid de Thraenáil Feasachta i leith Cibearshlándála. Is féidir go mbeidh oiliúint eile le cur i gcrích de réir mar is cuí.

### **Scálaí Tuarastail**

Scála Tuarastail do Chúntóir Taighde: €29,275 – €39,158

*\*Déanfar an ceapachán i gcomhréir le cáilíochtaí agus taithí an iarrthóra, agus de réir pholasaí pá reatha an Rialtais.*

**Spriocdháta: meán lae 20 Meán Fómhair, 2023**

**Le teacht ar thuilleadh eolais faoi bhua na fostaíochta le DCU, téigh chuig [Why work at DCU?](#)**

### **Fiosrúcháin neamhfhoirmeálta:**

An Dr Úna Bhreathnach

R-phost: [una.bhreathnach@dcu.ie](mailto:una.bhreathnach@dcu.ie)

*Ná cuir iarratais chuig an seoladh r-phoist seo, ach chuig an seoladh r-phoist thíos.*

### **Cur Chuige Iarratais**

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin Fholúntais Reatha DCU  
<https://www.dcu.ie/hr/vacancies-current-vacancies-external-applicants> (iarratasóirí seachtracha).

Ba

cheart iarratais ar an bhfoirm oifigiúil a sheoladh ar r-phost chuig: [hr.applications@dcu.ie](mailto:hr.applications@dcu.ie)

**Luaigh go soiléir san iarratas uait agus i líne ábhair an r-phoist an post a bhfuil tú ag cur isteach air:  
Tag. Phoist #RF1904 Cúntóir Taighde**

***Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.***

***I gcomhréir le hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015, tá an Ollscoil tiomanta do chaitheamh go cothrom leo siúd uile a bheidh ag plé lena nósanna imeachta earcaíochta, roghnúcháin agus ceapacháin.***

***Léiríonn Dámhachtain Chré-Umha Athena SWAN na hOllscoile a tiomantas i leith chur chun cinn an chomhionannais inscne agus réiteach bearnaí pá ar bhonn inscne. Tá eolas ar réimse polasaithe Ollscoile a bhfuil mar aidhm acu timpeallacht oibre thacúil sholúbtha a chothú ar fáil sna [DCU Policy Starter Packs](#)***